Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5750/26**

**FIN 138**
**PE-L 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 |

- *Glacadh*
- *Formheas litreach*

1. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[1], agus go háirithe Airteagal 70(4) de, ceanglaítear ar an gComhairle moltaí a dhréachtú do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu agus a fhaigheann ranníocaíochtaí a mhuirearaítear ar an mbuiséad.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2. Ag na cruinnithe a bhí aige an 8, an 16 agus an 21 Eanáir 2026, scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024[2], a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu agus a fhaigheann ranníocaíochtaí a mhuirearaítear ar an mbuiséad, agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis na dréacht-téacsanna atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

3. Molann an Coiste um an mBuiséad do Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– na dréachtmholtaí mar a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an nóta seo iad a ghlacadh; agus

– socrú a dhéanamh chun go gcuirfear ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa iad agus chun an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin.

---

[2] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 70(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[1], táim ag seoladh chugat i ndoiciméad ar leithligh[2] moltaí ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

[Clabhsúr dea-mhéine]

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

[2] 5750/26 + ADD 1.